C/2024/6976

18.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11773 – STRATEGIC VALUE PARTNERS / NORDIC PAPER)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6976)

1. An 11 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Strategic Value Partners, LLC ('SVP', na Stáit Aontaithe),

— Nordic Paper Holding AB ('Nordic Paper', an tSualainn).

Gheobhaidh SVP rialú aonair indíreach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Nordic Paper ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 11 Deireadh Fómhair 2024.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é SVP atá dírithe ar chreidmheas faille agus ar dheiseanna cothromais phríobháidigh,

— Is déantóir páipéir speisialtachta é Nordic Paper a bhfuil trí mhuileann páipéir aige, ceann sa tSualainn, ceann san Iorua agus ceann i gCeanada. Tá sé dírithe ar chraftpháipéar agus páipéar gréiscdhíonach a mhonarú ag baint úsáide as amhábhair in-athnuaite ó fhoraoisí áitiúla.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11773 – STRATEGIC VALUE PARTNERS / NORDIC PAPER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË